**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 11 Márta 2022 – OP v an Pharlaimint**

**(Cás T-143/22)**

(2022/C 191/46)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: OP (ionadaí: F. Moyse, Dlíodóir)

*Cosantóir*: Parlaimint na hEorpa

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinntí an 7 Meitheamh 2021 agus an 10 Eanáir 2022 a chur ar neamhní, nó a dhearbhú go bhfuil siad gan bhunús go hiomlán;

— ceart an iarratasóra a aithint, dá bhrí sin, chun pinsean marthanóra a fháil mar a shainmhínítear in Airteagal 79(1) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh;

— ceart [*rúnda*] ([1]) a aithint, dá bhrí sin, chun pinsean dílleachta a fháil mar a shainmhínítear in Airteagal 2 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Seachas sin, a mhéid is gá, an pinsean dílleachta dá bhforáiltear in Airteagal 80(1) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh a dheonú ar [*rúnda*];

— in aon chás, a ordú don Pharlaimint costais agus caiteachais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir sé shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear pléadáil neamhdhleathachta i leith Airteagail 18 agus 20 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ("na Rialacháin Foirne") a eascraíonn as sárú ar phrionsabal na córa comhionainne agus as idirdhealú bunaithe ar aois.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear earráid dlí i gcur i bhfeidhm Airteagail 18 agus Airteagal 20 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear earráid fhollasach measúnaithe de bharr nár cuireadh cás áirithe an iarratasóra san áireamh.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear pléadáil neamhdhleathachta i leith Airteagal 2 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne de bharr idirdhealú ar bhonn míchumais.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear earráid dlí i gcur i bhfeidhm Airteagal 2 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

6. An séú saincheist dlí, a ardaítear mar rogha mhalartach, lena n-éilítear sárú ar an dualgas cúraim atá ar an riaracháin.

([1]) Coinníodh siar sonraí rúnda.